# Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS

## Ráiteas Straitéise 2016-2019

Oscailteacht

Seirbhísí poiblí a sholáthar ar ardchaighdeán

Réamhghníomhach

Gairmiúil agus Tacúil

Cumhachtaithe agus Cuntasach

Ceannaireacht Chomhoibríoch

Iontaoibh agus Meas

# Ár Luachanna



# Clár

Ceannaireacht Chomhoibríoch

Iontaoibh agus Meas


04 Brollach leis an Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

05 Réamhrá leis an Ard-Rúnaí

06 Ár dTimpeallacht Oibre

10 Ár bPríomh-Chomhpháirtithe Straitéiseacha

13 Na nithe a ngeallaimid iad a bhaint amach

14 Ár bhFís, Ár Ráiteas Misin agus ár sé sprioc straitéiseacha

15 Éire atá Slán Sábháilte

18 Rochtain ar Cheartas

20 Sochaí atá Cothrom agus Uilechuimsitheach

22 Córas Inimirce agus Cosanta atá Cóir agus Cothromaithe

24 Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mBeartas Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ar Chur i bhFeidhm an Bheartais sin

26 Ár mbaill foirne, ár gcultúr, ár gcórais agus ár bpróisis a fhorbairt

**Aguisíní**

28 Aguisín 1: Gealltanais faoin gClár do Rialtas Comhpháirtíochta

33 Aguisín 2: Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí atá faoi chúram na Roinne


**“ Bíonn an 23,000 fostaí agus an 28 comhlacht atá san Earnáil ag obair gach uile lá chun saol gach duine a dhéanamh níos fearr – cibé acu cosaint a chur ar fáil don phobal, comhrac a dhéanamh in aghaidh an idirdhealaithe nó cearta íospartach a neartú.”**

**Proinséas Mhic Gearailt, T.D.**
**Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais**

# Brollach
## leis an Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais



**Is é atá i bhfís ár Roinne ná 'Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach'. Tá cuid mhór oibre le déanamh againn chun an méid sin a bhaint amach do gach duine ach creidim go gcuimsíonn an fhís sin bunbhrí obair thábhachtach na Roinne agus go deimhin an Rialtais ar fad.**

Cé go dtagann gnéithe áirithe d'obair na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun cinn sa nuacht ar bhonn rialta, tá doimhneacht agus leithead ollmhór ag baint le réimsí oibre na Roinne seo agus níl an oiread céanna eolais ann ina leith sin. Bíonn an 23,000 fostaí agus an 28 comhlacht atá san Earnáil ag obair gach uile lá chun saol gach duine a dhéanamh níos fearr – cibé acu cosaint a chur ar fáil don phobal, comhrac a dhéanamh in aghaidh an idirdhealaithe nó cearta íospartach a neartú. Sa Straitéis seo, soláthraítear creat ar laistigh de is féidir linn leanúint den tslí ina ngabhaimid dár n-obair thábhachtach ó lá go lá a neartú agus leagtar amach inti spriocanna nua uaillmhianacha ar féidir linn féachaint lena mbaint amach.

Ina theannta sin, déantar foráil sa Straitéis maidir le cur i bhfeidhm na 76 ghealltanas atá tugtha ag an Roinn faoin gClár Rialtais. Ní mór dúinn comhtháthú agus sruthlíniú a dhéanamh ar ár gcuid oibre a mhéid is féidir chun na gealltanais sin a chur i bhfeidhm agus ní mór dúinn coinneáil ar bhord lenár gclár dúshlánach reachtaíochta arb ionann é agus an ceathrú cuid de reachtaíocht uile an Rialtais. Ní dhéanfaimid maolú ar ár n-uaillmhian sna trí bliana atá romhainn agus tabharfaimid aghaidh ar an dúshlán a bhaineann lenár gcláir oibre a chur ar aghaidh tríd an timpeallacht pholaitíochta ar timpeallacht chasta í ach ar timpeallacht uilechuimsitheach í freisin.

Tá bród orm an Ráiteas Straitéise uaillmhianach seo a thíolacadh don Rialtas agus don phobal. Creidim go mbeidh tionchar an-réadúil agus an-dearfach aige ar shaol daoine agus pobail ar fud na hÉireann.

Frances

**Proinséas Mhic Gearailt, T.D.**
**Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais**

# Réamhrá
## leis an Ard-Rúnaí

**Tá lúcháir orm Ráiteas Straitéise na Roinne don tréimhse 2016-2019 a thíolacadh. Is é atá inár bhfís ná 'Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach' agus, sa doiciméad seo, leagaimid amach na príomhchuspóirí straitéiseacha agus na gníomhartha tosaíochta a bhfuil gá leo chun an fhís sin a bhaint amach. Ar ndóigh, cuireann an Straitéis san áireamh na hacmhainní atá ar fáil ach féachfar le cur lenár gcumas agus lenár gcumas a neartú chun ár gcuid cuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear na gealltanais atá sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta.**



Is minic a bhíonn ár gcuid oibre deacair agus casta agus ní féidir linn í a dhéanamh inár n-aonar. Tá cuid mhór dúshlán ann agus, i measc na ndúshlán is mó díobh sin, áirítear an timpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú de shíor. Dhá shampla de sin is ea Brexit agus géarchéim na himirce agus na ndídeanaithe agus táimid tiomanta i leith oibriú le Ranna eile Rialtais, agus lenár gcomhpháirtithe san Eoraip agus sna Náisiúin Aontaithe, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na saincheisteanna seo. De bhreis air sin, leagtar béim mhór sa Straitéis nua ar oibriú go dlúth lenar gcuid gníomhaireachtaí agus ceannaireacht straitéiseach á soláthar againn agus cur chuige ilghníomhaireachta á neartú againn. Aithnímid nach mór dúinn freisin naisc níos dlúithe a bheith againn le comhpháirtithe i bpobail, i ngnóthaí agus sa tsochaí shibhialta chun ár gcuspóirí comhchoiteanna a bhaint amach.

Le roinnt blianta anuas, tá cuid mhór fuinnimh caite againn ag díriú ar athrú a dhéanamh ar an tslí ina n-oibrímid, agus é mar chuspóir leis sin stádas a bhaint amach mar Roinn atá níos oscailte, níos comhoibríche agus níos éifeachtaí. Thar thréimhse na Straitéise seo, leanfaimid de na hathruithe atá déanta cheana féin a neartú, féachfaimid lena chinntiú go mbíonn ar gcuid luachanna ina mbuntaca leis na nithe a dhéanaimid agus forbróimid tionscnaimh nua lena chinntiú go mbíonn an cultúr dearfach sin le brath sa tslí ina n-oibrímid. Mar chuid de sin, ceann dár spriocanna straitéiseacha is ea tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár mbaill foirne, ar ár gcórais agus ar ár bpróisis chun a chinntiú gur féidir linn oibriú mar Roinn ardfheidhmíochta agus iontaofa a bhfuil meas aici ar ionchur óna foireann agus óna geallsealbhóirí. Leagfar béim ar leith ar roinnt gníomhartha atá dírithe ar eolas, sonraí agus taighde a chomhtháthú, agus a úsáid ar bhealach níos fearr, mar bhuntaca lenár gcuid oibre agus mar mhodh neartaithe ár gcuid oibre.

Foilseoimid mionphlean straitéiseach bliantúil (OnePlan) a ndéanfaidh an Bord Bainistíochta faireachán air ar bhonn míosúil chun a chinntiú go bhfuil na tosaíochtaí á gcur i gcrích againn. Ina theannta sin, foilseoimid tuarascálacha leathbhliantúla faoi dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm. Táim ag tnúth le bheith ag oibriú go dlúth le comhghleacaithe agus le geallsealbhóirí díograiseacha cumasacha le linn an Straitéis uaillmhianach seo a chur i bhfeidhm.

**Noel Waters**
**Ard-Rúnaí**

# Ár dTimpeallacht Oibre

### Freagrachtaí na Roinne

## Tá freagracht fhoriomlán ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i ndáil le beartas poiblí agus riarachán sna réimsí seo a leanas: ceartas, slándáil náisiúnta, comhionannas, míchumas agus saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine.

Tá thart ar 2,000 ball foirne ar fostú ag an Roinn agus tá isteach is amach ar 23,00 fostaí san Earnáil seo ina bhfuil 28 comhlacht a oibríonn faoi chúram na Roinne agus a bhfuil cuid acu neamhspleách i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna. Is Roinn ilghnéitheach í seo a chuireann comhairle faoi chúrsaí beartais ar fáil don Rialtas agus a sholáthraíonn seirbhísí do raon leathan cliant.

Ullmhaíonn an Roinn seo cion suntasach den reachtaíocht ar fad a ritheann an tOireachtas (26% sa bhliain 2015). Comhoibrímid go dlúth lenár gcontrapháirtithe i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le nithe a bhaineann le sábháilteacht phoiblí agus tá ról tábhachtach idirnáisiúnta againn, go háirithe i gcomhthéacs Chomhairle an Aontais Eorpaigh um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile.Tá ról suntasach againn freisin maidir le comhlachtaí idirnáisiúnta eile amhail Comhairle na hEorpa agus na Náisiúin Aontaithe. Is dóigh go mbeidh forbairtí i ndáil le Brexit go mór chun tosaigh i gclár oibre na Roinne sna blianta atá díreach romhainn.

### Eagraíocht atá ag Athrú

Ó bhí an bhliain 2014 ann, tá bunathrú á dhéanamh againn ar an tslí ina n-oibrímid agus é mar chuspóir againn a chur faoi deara go bhfuil an Roinn ina heagraíocht de chineál níos oscailte, níos cuimsithí agus níos comhoibríche ina soláthraítear ceannaireacht straitéiseach agus seirbhísí níos éifeachtaí.Tá Cairt nua Maidir le Cultúr agus Luachanna glactha anois tar éis comhairliúchán forleathan a chur i gcrích. Baintear leas as na luachanna sin i ndáil le gach ní a dhéanaimid agus feidhmíonn siad mar bhuntaca le gach ní a dhéanaimid. Tá léiriú le fáil, ar fud an Ráitis Straitéise seo, ar an luach a bhaineann le comhoibriú dlúth lenár gcuid gníomhaireachtaí, le Ranna eile Rialtais agus leis an bpobal le linn ár ndualgais a chomhlíonadh.

Tá mionsonraí faoi na hathruithe atá á ndéanamh leagtha amach ar láithreán gréasáin na Roinne . Tá siad ailínithe go hiomlán leis an bPlean Athnuachana don Státseirbhís arb é is aidhm dó ná cur le cumas na Státseirbhíse maidir le freagairt do dhúshláin láithreacha, agus do dhúshláin amach anseo, agus feabhas a chur ar fheidhmíocht thar an tréimhse 2014-2017. Tá an plean bunaithe ar fhorbairt ceannaireachta agus ar chaidreamh foirne, agus leagtar amach ann athruithe praiticiúla chun Státseirbhís atá níos aontaithe, níos gairmiúla, níos luathfhreagraí, níos oscailte agus níos cuntasaí trína ndéantar seirbhís ar scoth an domhain a chur ar fáil don Stát.

Aithnímid saineolas agus tiomantas ár mball foirne agus tá meas againn ar na nithe sin. Tá sé mar phríomhaidhm de chuid na Straitéise seo díriú ar scileanna, ar acmhainneacht agus ar iompraíochtaí gach uile dhuine san eagraíocht a fhorbairt, pleanáil fórsa saothair a úsáid chun acmhainní a ailíniú ar mhodh níos éifeachtaí, agus a chinntiú go ndéantar deiseanna foghlama agus forbartha a stiúradh ar mhodh straitéiseach.

### Timpeallacht Pholaitíochta

Is é atá mar uaillmhian ag an Rialtas Comhpháirtíochta ná ár bpobal ar fad a chosaint trí choireacht a chosc agus a laghdú, trí infheistíocht a dhéanamh sa Gharda Síochána, trí fhormhaoirseacht agus cuntasacht i leith an Gharda Síochána a leathnú, trí Threoir an AE ar Íospartaigh a chur i bhfeidhm, trí chóras dlí níos

1. http://www.justice.ie/en/JELR/Pages/Corporate_Affairs_Reform

éifeachtaí a chruthú, trí Bheartas Pianphionóis, ar cabhair é ó thaobh Éire a bheith níos sábháilte, agus clár forleathan reachtaíochta a chur i bhfeidhm. Tá thart ar 76 ghealltanas le comhlíonadh ag an Roinn faoi Chlár an Rialtais (féach na mionsonraí iomlána in Aguisín 1). Tá léiriú le fáil sa Straitéis seo ar chur i bhfeidhm na ngealltanas sin chomh maith le léiriú ar thionscnaimh eile beartais a éiríonn as Threoracha AE agus as gealltanais eile. Ina theannta sin, tacaímid le tosaíochtaí trasearnála atá ann sa Phlean Rialtais, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chreata uileghabhálacha buiséid agus beartais lena n-áirítear na Pleananna Gníomhaíochta maidir le Poist, Tithíocht agus Forbairt Réigiúnach agus Tuaithe.

Sa chomhthéacs seo, dúshlán tábhachtach don Roinn, agus dár gcomhghleacaithe in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, is ea feabhas a chur ar an mbealach ina ndéanaimid níos mó ná 40 Bille ar ár gclár oibre reachtaíochta a dhréachtú, a chur ar aghaidh agus a chur i bhfeidhm, ar Billí iad a bhfuil cuid acu riachtanach chun Treoracha AE a thrasuí laistigh d'amscálaí sonraithe.

## An Timpeallacht Fhorleathan

Tá an timpeallacht ar laistigh di a oibríonn an Roinn dúshlánach agus casta. Bíonn athrú ag teacht de shíor ar nithe de chineál eacnamaíochta, sochaíoch, polaitíochta agus teicneolaíochta rud a fhágann nach mór dúinn gníomhú ar bhonn leanúnach i leith na nithe sin ar bhealach atá solúbtha agus éifeachtach.

Sa tréimhse 2016-2019, áirítear an méid seo a leanas i measc na bpríomhdhúshlán a bheidh le sárú againn:

- Cinneadh na Ríochta Aontaithe éirí as an AE agus na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach d'Éirinn i leith an Chomhlimistéir Taistil, i leith Caidreamh Thuaidh-Theas agus i leith an raoin saincheisteanna slándála, inimirce, ceartais choiriúil agus shibhialta ina bhfuil gá le comhoibriú leis an Ríocht Aontaithe agus leis an AE araon;
- An timpeallacht athraitheach slándála idirnáisiúnta agus na dúshláin a ghabhann le faireachán a dhéanamh ar theagmhais, agus le gníomhú nuair a bhíonn teagmhais ann, agus a ghabhann le héabhlóid na sceimhlitheoireachta, le coireacht eagraithe, le coireacht thromchúiseach idirnáisiúnta agus le coireanna eile lena n-áirítear cibearchoireacht;
- An gá le ceannaireacht láidir, ar ceannaireacht oibiachtúil í freisin, a chur ar fáil ar fud an chórais ceartais d'fhonn iontaoibh agus muinín a bhunú;
- Saincheisteanna a bhaineann le coireacht agus póilíneacht náisiúnta agus tacú le forbairt an Gharda Síochána (trí infheistíocht a dhéanamh san fhórsa saothair, i dtrealamh, i saoráidí agus i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide);
- Leanúint de na socruithe formhaoirseachta i leith cúrsaí póilíneachta (an tÚdarás nua Póilíneachta, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus Cigireacht an Gharda Síochána) a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt i leith na socruithe sin;



An Chomhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, Neamhfhoirmeálta, sa Bhratasláiv, 7-8 Iúil 2016

- Pátrúin athraitheacha inimirce agus feabhsuithe a bhaint amach maidir leis an am a thógann sé chun cásanna a phróiseáil agus maidir le tréchur cásanna;
- Moltaí na Tuarascála ón nGrúpa Oibre ar Fheabhsuithe ar an bPróiseas Cosanta, lena n-áirítear Soláthar Díreach agus tacaíochtaí do chuardaitheoirí tearmainn, a bhfuil freagracht ar an Roinn ina leith, a chur i bhfeidhm;
- Ceannaireacht a chur ar fáil chun freastal ar ghealltanais na hÉireann maidir le bearta chun déileáil leis an ngéarchéim dhomhanda imirce agus dídeanaithe;
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar infheistíocht shuntasach chaipitiúil ar fud na hearnála;
- Deiseanna maidir le pleanáil de chineál níos straitéisí, maidir le tuilleadh comhair agus maidir le tuilleadh comhpháirtíochtaí in éineacht lenár gcomhpháirtithe go léir;
- Deiseanna a lorg chun comhdhlúthú a dhéanamh ar chúram casta, leathan na Roinne;
- Athrú inmheánach fónta agus próisis athnuachana na Státseirbhíse a chothú agus an chéad bhabhta eile d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí (2017-2020) a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear seirbhísí ar líne;
- Cur chuige uile-Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le saincheisteanna casta amhail cosc coireachta, lánpháirtiú inimirceach agus rochtain ar cheartas, lena n-áirítear sásraí malartacha i ndáil le réiteach díospóidí amhail eadráin;
- Ár raon foinsí sonraí agus faisnéise a fhorbairt mar mhodh chun eolas a chur ar fáil le linn beartais a fhorbairt;
- I gcomhar le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO), tacú le raon réiteach ICT a sholáthrófar go lárnach a chur i ngníomh tríd an straitéis 'Tógáil ar mhaithe le Comhroinnt', agus úsáid á baint as an modh sin chun forbairt a dhéanamh ar Mhol Sonraí Ceartais agus Comhionannais d'fhonn malartú daingean sonraí agus faisnéise idir an Roinn agus gníomhaireachtaí na hearnála a éascú;
- Comhsheasmhacht a chinntiú agus teorainneacha caiteachais a bheith leagtha amach sa phróiseas buiséid.

## Acmhainní Airgeadais

Tá maoiniúchán €2.54 billiún curtha ar fáil i mBuiséad 2017 don Earnáil Cheartais agus Chomhionannais agus is ionann an figiúr sin agus méadú €85 mhilliún i gcomparáid leis an Meastachán Athbhreithnithe sa bhliain 2016 (méadú €68 milliún ar chaiteachas reatha i gcomparáid leis an Tuarascáil Lárbhliana ar Chaiteachas 2016). Maidir leis an leithroinnt €2.54 billiún, baineann 63% di le Vóta an Gharda Síochána agus baineann 71% san iomlán den leithroinnt fhoriomlán earnála le párolla agus le pinsin. Is í an Roinn a chaibidlíonn an buiséad, agus a dhéanann formhaoirseacht air, agus an tArd-Rúnaí a fhónann mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vótaí na Roinne agus na bPríosún.

Faigheann thart ar 30 Comhlacht/Oifig maoiniúchán ó Vóta na Roinne. Déantar faireachán ar chaiteachas trí Choiste Bainistíochta Airgeadais trasearnála a thagann le chéile uair sa mhí. Tarlóidh mórathrú i rith shaolré na Straitéise seo sa mhéid go mbeidh an tSeirbhís Chomhroinnte Bainistíochta Airgeadais á cur i ngníomh faoin Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) a mbeidh an Earnáil Cheartais agus Chomhionannais á cur faoina cúram i rith na bliana 2018.

## Dualgas Poiblí i leith Chearta an Duine

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, bunaítear dualgas dearfach a leagtar ar chomhlachtaí poiblí aird a bheith acu ar an ngá le deireadh a chur le hidirdhealú, le comhionannas a chur chun cinn agus le cearta an duine, i gcás baill foirne agus daoine dá soláthraítear seirbhísí, a chosaint. Leis an alt sin freisin, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí measúnacht a dhéanamh ar na saincheisteanna faoi chearta an duine agus faoi chomhionannas a gcreideann siad ina leith go bhfuil siad iomchuí i ndáil le feidhmeanna agus le cuspóirí an chomhlachta lena mbaineann agus ar na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm, nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Ní mór an mheasúnacht sin a bheith ar fáil ag an bpobal.

Ta an Dualgas Poiblí sin i gcomhréir le croífheidhmeanna agus le croíluachanna na Roinne. Tá cur chun cinn an chomhionannais agus chearta an duine trínár gcuid oibre ó lá go lá, cibé acu le linn reachtaíocht nó beartas a fhorbairt nó i ndáil le cúrsaí riaracháin i gcoitinne, ina chuid dár gcuspóir forleathan chun feidhmiú mar Roinn atá bunaithe ar luachanna. Mar shampla, scagann an Roinn an dréachtreachtaíocht ar fad ó thaobh cúrsaí chearta an duine agus an chomhionannais de.

Tacóidh cuid mhór de na tionscnaimh atá le forbairt thar ré na straitéise seo leis an gcuspóir seo, mar shampla, an Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) trína neartófar na cearta atá ag íospartaigh na coireachta agus ag a dteaghlaigh. Soláthraíonn sé sin ceart chun faisnéis, comhairle agus cúnamh cuí eile a fháil i gcomhréir leis an Treoir AE.



An Searmanas Saoránachta, An Lárionad Comhdhála, Baile Átha Cliath

Tá an Dualgas Poiblí seo chomh hinfheidhme céanna maidir leis an tslí ina n-idirghníomhaímid lenár mbaill foirne agus, i gcomhréir lenár gcuid luachanna, táimid tiomanta i leith timpeallacht oibre níos fearr a chruthú dár mbaill foirne, ar timpeallacht í ina ndéantar caidreamh dearfach, cumarsáid oscailte, cothroime, comhionannas agus meas ar a chéile a chur chun cinn agus, ina theannta sin, na nithe sin a chur chun cinn i dtaca lenár ngeallsealbhóirí de agus i dtaca leo sin dá soláthraímid seirbhísí.

I rith na tréimhse atá clúdaithe leis an Straitéis seo, leanfaimid de bhearta a dhéanamh chun na luachanna seo a bhunú mar dhlúthchuid dár gcuid oibre ar fad. Mar thacaíocht dó sin, déanfaimid mar a leanas:

- Déanfaimid measúnacht ar shaincheisteanna chearta an duine agus an comhionannais atá bainteach le feidhmeanna agus le cuspóir na Roinne agus ar na beartais, ar na pleananna agus ar na gníomhartha atá á gcur i gcrích, nó a bheartaítear a chur i gcrích, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Foilseoimid an mheasúnacht sin ar ár láithreán gréasáin;
- Déanfar oiliúint agus faisnéis maidir le cearta an duine agus comhionannas a chur ar fáil don fhoireann mar chuid den timthriall oiliúna;
- Tabharfar tuairisc faoi dhul chun cinn inár dTuarascáil Bhliantúil agus, más cuí, cuirfear de cheangal ar chomhlachtaí a thagann faoi chúram na Roinne measúnachtaí den tsamhail chéanna a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt faoi dhul chun cinn ina gcuid tuarascálacha bliantúla.

## Próiseas forbartha an Ráitis Straitéise

Bunaíodh grúpa oibre trasghráid chun an Straitéis a fhorbairt. Sheolamar próiseas comhairliúcháin, a poiblíodh ar ár láithreán gréasáin agus ar mheáin shóisialta, ó mhí an Mheithimh go deireadh mhí Mheán Fómhair 2016. Fuarthas, agus athbhreithníodh, os cionn 50 aighneacht a úsáideadh le linn an phróisis dréachtúcháin. I gcomhréir leis an gcur chuige comhoibríoch atá leagtha amach sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta, lorgaíomar tuairimí ó Choiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas le linn an Straitéis seo a dhréachtú.

## Faireachán agus Tuairisciú


Is doiciméad ardleibhéil é an Ráiteas Straitéise seo. Is sa phlean bliantúil straitéiseach maidir le forfheidhmiú (OnePlan) a gheofar mionsonraí faoin raon iomlán gníomhartha atá le déanamh chun gach ceann ar leith dár gcuspóirí faoin Ráiteas Straitéis seo a bhaint amach. Tá sé sin á fhoilsiú ar Láithreán gréasáin na Roinne ar bhonn bliantúil ó bhí an bhliain 2015 ann. Déanann an Bord Bainistíochta faireachán ar dhul chun cinn ar bhonn míosúil agus déantar tuairiscí uasdátaithe ar dhul chun cinn a fhoilsiú ar ár láithreán gréasáin dhá uair sa bhliain agus sa Tuarascáil Bhliantúil. Leanann Pleananna Bliantúla Gnó, ar leibhéal Rannáin, agus spriocanna daoine ar leithligh den fhoireann as na doiciméid straitéiseacha seo agus leagann siad amach tuilleadh mionsonraí faoin dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cuspóirí.  Tagann gach duine den fhoireann faoi réir measúnú feidhmíochta, agus seoltar comhráite leo maidir le forbairt, i rith na bliana.

# Ár bPríomh-Chomhpháirtithe Straitéiseacha

**Leanfaimid de bheith ag obair i ndlúth-chomhpháirtíocht lenár gcuid Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí chun cuspóirí a chur ar aghaidh agus chun deiseanna a fhorbairt i ndáil le pleanáil chomhpháirteach, comhoibriú agus cur i bhfeidhm éifeachtach. Tá struchtúir amhail an Coiste Straitéiseach Ceartais Choiriúil agus an Líonra Gníomhaireachtaí Sibhialta curtha ar bun chun an méid sin a chur chun cinn.**



# An Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais – Obair Chomhpháirtíochta




Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach

| An Coiste Straitéiseach Ceartais Choiriúil | An Líonra Gníomhaireachtaí Sibhialta |
|---|---|
| Feidhmíonn an tArd-Rúnaí mar chathaoirleach ar an **gCoiste Straitéiseach Ceartais Choiriúil** agus cuimsíonn an coiste cinn an Gharda Síochána, na Seirbhíse Cúirteanna, Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, an Údaráis Póilíneachta, na Seirbhíse Promhaidh, an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.<br><br>Tá Clár Oibre Bliantúil an Choiste á chur ar aghaidh trí Ghrúpaí Oibre a dhéileálann le saincheisteanna amhail íospartaigh, riachtanais maidir le sonraí, bainistíocht foilseán, malairtí ar ionchúiseamh, comhar idirnáisiúnta i ndáil le ceartas coiriúil, agus ceartas óige. | Feidhmíonn an tArd-Rúnaí mar chathaoirleach ar an **Líonra Gníomhaireachtaí Sibhialta** agus i measc na mball áirítear Cinn na nGníomhaireachtaí nach ndéileálann le ceartas coiriúil agus, ina theannta sin, cinn na ngníomhaireachtaí a mbaineann a gcúraimí le cúrsaí coiriúla agus le cúrsaí sibhialta i.e. an tSeirbhís Chúirteanna agus an Bord um Chúnamh Dlíthiúil. |

Oibreoimid go dlúth, agus comhoibreoimid go hiomlán, leis an Rialtas ina iomláine maidir le saincheisteanna comhleasa agus tacóimid go hiomlán le cuspóirí straitéiseacha Ranna eile Rialtais (na nithe seo a leanas, mar shampla, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin: Roinn an Taoisigh i dtaca le Brexit; an Margadh Digiteach Aonair; an Roinn Coimirce Sóisialaí, agus ranna eile, maidir leis an gCreat Comhtháite nua le haghaidh Uilechuimsitheacht Shóisialta; an Roinn Iompair maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre; an Roinn Sláinte maidir le Mí-Úsáid Substaintí; an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le Cosaint Leanaí agus maidir leis an gCreat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga – *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*; an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maidir le Tuaisceart Éireann agus maidir le saincheisteanna a bhaineann le hinimirce; an Roinn Airgeadais maidir le cur i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta).

Ina theannta sin, leanfaimid de thacaíocht a thabhairt i leith athchóiriú seirbhísí poiblí an Rialtais lárnaigh (e.g. an t-athrú chuig seirbhísí comhroinnte, bainistíocht mhaoine agus tionscnaimh eile).

Is cumasóir tábhachtach iad sonraí i dtaca le héifeachtúlacht fheabhsaithe, déanamh beartais agus leithroinnt acmhainní de. Táimid ag obair in éineacht leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun forbairt a dhéanamh ar ár gcumas agus ar ár gcaighdeáin maidir le sonraí agus anailísiú agus chun uasmhéadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as sonraí riaracháin chun staitisticí oifigiúla a ghiniúint agus chun forbairtí beartais a neartú.

Leanfaimid dár gcomhpháirtíocht le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) i ndáil le cur i bhfeidhm Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear tionscadail maidir le *Tógáil ar mhaithe le Comhroinnt, Cúrsaí Digiteacha Chun Tosaigh agus Sonraí mar Chumasóir*. Go háirithe, tá **Mol Ceartais agus Comhionannais** á fhorbairt againn chun ár mbonn fianaise a neartú, chun éifeachtúlachtaí oibriúcháin agus sonraí níos daingne a sholáthar, chun malairtí fíor-ama i réimsí an Cheartais Choiriúil agus na hImirce agus an Tearmainn a éascú, agus chun ardán a chur ar fáil le haghaidh comhoibriú daingean ar líne.

De bhreis air sin, tá Clár Taighde athbhreithnithe á ullmhú againn agus táimid ag cur lenár gcumas measúnaithe trí pháirt a ghlacadh i Seirbhís Eacnamaíochta agus Measúnaithe Rialtas na hÉireann (IGEES).

## Mol Ceartais agus Comhionannais

Cumarsáid agus Obair i gComhar
Faisnéis agus Sonraí
Meadrachtaí, Staitisticí, Taighde agus Measúnú

# Na Nithe A nGeallaimid Iad A Bhaint Amach

Thar thréimhse na Straitéise seo, táimid tiomanta i leith an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach a mhéid a bhaineann le caibidlí faoi Brexit lenár gcomhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas Eorpach;
- Athchóiriú an Gharda Síochána a spreagadh, agus tacaíocht a thabhairt ina leith, le gur fostóir agus seirbhís phóilíneachta de chineál éifeachtach, infheicthe agus iontaofa a bheith ann.
- Beartais trasearnála a fhorbairt chun coireacht a laghdú agus a chosc, chun pobail níos daingne a fhorbairt agus chun sceimhlitheoireacht a chomhrac agus a chosc;
- Cur chuige comhpháirteach maidir le bainistíocht ciontóirí a fhorbairt tuilleadh do ghníomhaireachtaí;
- Cur chuige nua a thabhairt isteach sa chóras Ceartais Teaghlaigh;
- Leanúint d'fheabhas a chur ar chórais inimirce chun freastal ar riachtanais na hÉireann agus, ag an am céanna, a chinntiú go gcoimeádtar rialuithe cuí ar bun;
- Laghdú a dhéanamh ar an am a chaitear sa chóras Soláthair Dhírigh agus feabhas a chur ar dhálaí, go háirithe do theaghlaigh;
- Gealltanais idirnáisiúnta an Rialtais maidir le hathlonnú agus athshuíomh a chomhlíonadh;
- Beartais agus straitéisí a spreagadh chun sochaí níos cothroime a chothú, ar beartais agus straitéisí iad a rannchuidíonn le lánpháirtiú imirceach;
- Tacú le héifeachtúlacht agus le hathchóiriú i ndáil le riaradh an cheartais, lena n-áirítear seirbhísí feabhsaithe a sholáthar d'íospartaigh;
- Tograí a chur ar aghaidh maidir le hathchóiriú an dlí choiriúil agus an dlí shibhialta agus a chinntiú go ndéantar tionscadail reachtaíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Chun tacú leis na huaillmhianta sin, agus chun cabhrú linn iad a bhaint amach, déanfaimid an méid seo a leanas:

- An Roinn agus an earnáil a threorú ar mhodh comhoibríoch, comhtháite;
- Feidhmiú ar mhodh réamhghníomhach, freagrúil, nuálach agus réamhbhreathnaitheach le linn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna a bheidh ann don Roinn;
- Feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse trí theicneolaíocht a úsáid;
- Acmhainneacht agus cumas eagraíochtúil a fhorbairt tuilleadh agus scileanna ár mball foirne a fhorbairt;
- Ár gcuid luachanna nua a chomhtháthú go hiomlán isteach sa tslí ina n-oibrímid;
- Caidreamh réamhghníomhach a bheith againn lenár ngeallsealbhóirí;
- Forbairt a dhéanamh ar ár mbonn fianaise chun feabhas a chur ar dhéanamh beartas agus tacaíocht á fáil ó ICT, ó shonraí agus ó thaighde.

# Ár bhFís, ár Ráiteas Misin agus ár sé Sprioc Straitéiseacha

**Ár bhFís**

Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach

**Ár Misean**

Ag obair le chéile chun slándáil phobail agus náisiúnta a chur ar aghaidh, chun dlí agus ceart agus comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint

Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mBeartas Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ar Chur i bhFeidhm an Bheartais sin

- Eire atá Slán Sábháilte
- Rochtain ar Cheartas
- Sochaí atá Cothrom agus Uilechuimsitheach
- Córas Inimirce agus Cosanta atá Cóir agus Cothromaithe

Ár mbaill foirne, ár gcultúr, ár gcórais agus ár bpróisis a fhorbairt

## Ár Luachanna

- Oscailteacht
- Seirbhísí poiblí a sholáthar ar ardchaighdeán
- Réamhghníomhach
- Gairmiúil agus Tacúil
- Cumhachtaithe agus Cuntasach
- Ceannaireacht Chomhoibríoch
- Iontaoibh agus Meas

# Ár Sprioc Straitéiseacha

## Éire atá Slán Sábháilte:

Slándáil an Stáit a choimirciú agus laghduithe ar choireacht agus ar athchiontú agus feabhsuithe ar shábháilteacht daoine a bhaint amach

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
| --- | --- | --- |
| **Seirbhís phóilíneachta atá éifeachtach, infheicthe agus cuntasach a fhorbairt** | • I gcomhar le Lucht Bainistíochta an Gharda Síochána agus leis an Údarás Póilíneachta, dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na físe foriomláine comhaontaithe maidir le 21,000 duine i bhfórsa saothair an Gharda Síochána faoin mbliain 2021, ar líon é sin ina gcuimsítear 15,000 comhalta, 4,000 sibhialtach agus 2,000 comhalta Cúltaca<br>• Leanúint d'acmhainní a sholáthar chun tacú le póilíneacht éifeachtach, lena n-áirítear flít an Gharda Síochána agus bonneagar tábhachtach ICT, lena n-airítear teicneolaíocht shoghluaiste<br>• Tacú leis an Údarás Póilíneachta, le Cigireacht an Gharda Síochána agus le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna i ndáil leis an nGarda Síochána | • Dul chun cinn incriminteach maidir leis an bhfís fhoriomlán a bhaint amach, lena n-áirítear tuairim is 14,300 comhalta, 3,200 sibhialtach agus 1,600 comhalta cúltaca a bheith ann sa Gharda Síochána faoi dheireadh na bliana 2019<br>• Plean chun sibhialtachtú breise a bheith curtha i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2016 agus dul chun cinn infhíoraithe a bheith déanta maidir leis an sprioc a bhaint amach<br>• Acmhainní a úsáid ar bhealach níos freagrúla agus níos éifeachtaí mar thoradh ar chumas méadaithe agus ar infheistíocht mhéadaithe sa fhlít agus sa bhonneagar ICT<br>• Acmhainneacht fheabhsaithe i leith forbairt eagrúcháin agus athchóirithe agus formhaoirseacht ar an nGarda Síochána a chur i bhfeidhm |
| **An clár comhaontaithe athchóiriúcháin agus infheistíochta sa Gharda Síochána, a spreagadh, agus formhaoirseacht a dhéanamh air sin** | • I gcomhar le Lucht Bainistíochta an Gharda Síochána agus leis an Údarás Póilíneachta, an clár comhaontaithe athchóiriúcháin agus infheistíochta sa Gharda Síochána a spreagadh, agus formhaoirseacht a dhéanamh air sin, lena n-áirítear an méid seo a leanas:<br>– an múnla póilíneachta rannach a chur i gcrích;<br>– cumas pleanála fórsa saothair a fhorbairt;<br>– sásraí éifeachtacha faireacháin agus tuairiscithe a bheith i bhfeidhm; | • An leibhéal forfheidhmiúcháin maidir leis an gclár athchóirithe sa Gharda Síochána<br>– Dul chun cinn incriminteach maidir leis an múnla Rannach a chur i gcrích<br>– Acmhainneacht fheabhsaithe maidir le pleanáil fórsa saothair<br>– Próisis fhoirmiúla, struchtúrtha lena ndéantar comhordú ar rialachas póilíneachta a bheith i bhfeidhm<br>– Socruithe éifeachtacha faireacháin agus tuairiscithe a bheith i bhfeidhm, lena n-áirítear socruithe a bhaineann leis an Údarás Póilíneachta |

# Éire atá Slán Sábháilte / ar aghaidh

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
|---|---|---|
| **Creata beartais, oibriúcháin agus dlí a sholáthar chun coireacht a laghdú agus a chosc, chun dul i ngleic le hathchiontú agus chun pobail níos sláine a chur chun cinn** | • Pleanáil chomhpháirteach chomhoibríoch agus cur chuige comhpháirtíochta idirghníomhaireachta a spreagadh do gach gníomhaireacht a phléann le Ceartas Coiriúil<br>• A chinntiú go ndéantar seirbhísí éifeachtacha ceartais óige, agus idirghabhálacha spriocdhírithe i ndáil le ciontóirí óga, a sholáthar do chiontóirí óga<br>• I gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus le gníomhaireachtaí iomchuí, leanúint de "Dul i nGleic le Coireacht i measc Daoine Óga: Plean Gníomhaíochta Ceartais Óige (YJAP) 2014-2018" a chur i bhfeidhm | • Straitéisí comhpháirteacha a bheith á gcur i bhfeidhm ag gníomhaireachtaí ceartais choiriúil<br>• Bearta feabhsaithe spriocdhírithe chun laghdú a dhéanamh ar choireacht i measc daoine óga<br>• Spriocanna Ardleibhéil an Phlean Gníomhaíochta Ceartais Óige a bheith á mbaint amach i ndáil leis na cúig thoradh náisiúnta do leanaí agus daoine óga faoin gCreat Beartais Náisiúnta |
| | • A chinntiú go nglactar cur chuige uile-Rialtais i leith an Bheartais Choiriúil agus aghaidh a thabhairt ar iompraíocht ciontóirí chun athchiontú a laghdú | • Sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh ina dtaispeántar laghdú ar atitimeachas |
| | • An Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac a chur i bhfeidhm | • Tuarascálacha idirnáisiúnta faoi fhaireachán ina léirítear dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta |
| | • Tograí reachtacha maidir leis an dlí coiriúil a fhorbairt agus a bhainistiú de réir chlár an Rialtais | • An líon Billí a fhoilsítear agus a achtaítear |
| | • Rannchuidiú le forbairt Straitéise nua maidir le Drugaí don tréimhse tar éis na bliana 2016 | • Straitéis Náisiúnta nua maidir le Drugaí i bhfeidhm agus cur chuige cuimsitheach, comhordaithe ann i leith fhadhb na ndrugaí |
| **Slándáil Náisiúnta a chur chun cinn, dul i ngleic le sceimhlitheoireacht agus le coireacht thromchúiseach agus eagraithe** | • Clár a fhorbairt chun freagraí do bhagairtí slándála a fheabhsú<br>• Caidreamh gníomhach a bheith ann le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí Rialtais, chomh maith le caidreamh a bheith ann le comhpháirtithe iomchuí i ndlínsí eile | • An riosca atá ann mar gheall ar an mbagairt ó sceimhlitheoireacht nó ó choireacht eagraithe a bheith srianta agus maolaithe |
| | • Tacú le comhar idirnáisiúnta agus le caighdeáin chomhaontaithe idirnáisiúnta le linn déileáil le coireacht thromchúiseach agus eagraithe | • Comhar idirnáisiúnta feabhsaithe agus faireachán éifeachtach i ndáil le caighdeáin chomhaontaithe idirnáisiúnta trí shásraí athbhreithnithe atá curtha ar bun |

# Éire atá Slán Sábháilte / ar aghaidh

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
|---|---|---|
| | • Feabhas a chur ar rannpháirtíocht na hÉireann i gcomhar póilíneachta san Eorpach agus ar bhonn idirnáisiúnta. | • Cur i bhfeidhm Chóras Faisnéise Schengen (SIS) II [1] a chur ar aghaidh<br>• Cur i bhfeidhm na comhroinnte uathoibrithe faisnéise a chur ar aghaidh faoin chinntí Prüm [2]<br>• Forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar teicniúil agus dlíthiúil atá riachtanach chun éifeacht a thabhairt do bhearta eile AE maidir le comhar póilíneachta |
| **Comhar Thuaidh-Theas a fheabhsú chun gníomhaíocht sceimhlitheoir-eachta agus coireacht eagraithe trasteorann a chomhrac** | • Comhlachtaí agus seirbhísí trasteorann i dTuaisceart Éireann a neartú agus a fhorbairt agus an Comhaontú dar teideal 'Tús Nua' a chur i bhfeidhm<br>• An Tascfhórsa Comhpháirteach Gníomhaireachta a bhunú chun dul i ngleic le coireacht eagraithe trasteorann<br>• Páirt a ghlacadh i gcruinnithe rialta déthaobhacha le Rialtas Tuaisceart Éireann agus na Ríochta Aontaithe | • Bunú agus oibriú comhlachtaí agus tionscnamh faoin gComhaontú dar teideal 'Tús Nua'<br>• An Tascfhórsa Comhpháirteach Gníomhaireachta a bheith ag oibriú go hiomlán<br>• Comhar feabhsaithe idir Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí iomchuí i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe |
| **Institiúidí a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na coimhlinte i dTuaisceart Éireann** | • Comhoibriú le Ranna eile Rialtais, Thuaidh agus Theas, agus le Rialtas na Ríochta Aontaithe maidir le bunú na n-institiúidí faoi Chomhaontú Theach Stormont chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na coimhlinte i dTuaisceart Éireann | • Reachtaíocht agus bonneagar i bhfeidhm chun tacú le hobair na gcomhlachtaí iomchuí agus na n-institiúidí trasteorann ar mhodh ina dtugtar aghaidh ar iarmhairtí na coimhlinte i dTuaisceart Éireann |
| **Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoir-eachta a chomhrac** | • Cur i bhfeidhm an 4ú Treoir AE maidir le Sciúradh Airgid/Maoiniú Sceimhlitheoireachta | • An Treoir a thrasuí sa bhliain 2017 |
| | • Cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta atá ar feitheamh agus a d'éirigh as an Measúnacht Náisiúnta ar Rioscaí | • Gníomhartha a leanann as an Measúnacht Náisiúnta ar Rioscaí agus as Athbhreithniú FATF |
| | • Rannchuidiú le hAthbhreithniú an Tascfhórsa Gníomhaíochta Airgeadais Idirnáisiúnta (FATF) | • Córas cuimsitheach rialála i bhfeidhm |

(1) Is córas comhroinnte faisnéise TE é Córas Faisnéise Schengen (SIS) II a thacaíonn le seirbhísí póilíneachta i Stáit EEA atá páirteach i Schengen chun coireacht a aithint agus a chosc.
(2) Le cinntí Prüm tugtar isteach nósanna imeachta i ndáil le malartú uathoibríoch idir Stáit EEA rannpháirteacha ar phróifílí DNA, ar shonraí méarlorg agus ar shonraí clárúcháin feithiclí chun an sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac.

# Rochtain ar Cheartas:

## Tacú le héifeachtúlacht agus le hathchóiriú i ndáil le riaradh an cheartais, lena n-áirítear seirbhísí feabhsaithe a sholáthar d'íospartaigh

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
|---|---|---|
| **A chinntiú go bhfuil na córais Cúirteanna agus Cúnaimh Dhlíthiúil ag soláthar seirbhís ardchaighdeáin, ghairmiúil atá sorochtana, éifeachtúil agus éifeachtach** | • Tacú le Breithiúna, leis an tSeirbhís Chúirteanna agus leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil seirbhísí éifeachtúla a sholáthar, lena n-áirítear trí mhaoiniúchán a sholáthar de réir mar is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh, agus a chinntiú go bhfuil rialachas éifeachtach corparáideach i bhfeidhm<br>• Tacú le clár caipitiúil na Seirbhíse Cúirteanna a chur i gcrích, lena n-áirítear tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí | • Soláthar feabhsaithe seirbhísí agus éifeachtúlachtaí sa chóras cúirteanna, agus laghdú ar amanna feithimh agus laghdú ar riaráistí<br>• Saoráidí feabhsaithe i dtithe cúirte, lena n-áirítear an leas is mó is féidir a bhaint as ICT ar mhaithe le húsáideoirí uile na gcúirteanna |
| | • Freagracht i ndáil le Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil a aistriú chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil | • Reachtaíocht a bheith achtaithe sa bhliain 2017 |
| | • Eadráin a fhorbairt mar mhalairt ar imeachtaí cúirte | • Bille Eadrána a bheith achtaithe sa bhliain 2017 |
| **An córas Ceartais Teaghlaigh a nuachóiriú** | • Córas nua Cúirte Teaghlaigh a fhorbairt | • Córas nua-aimseartha Cúirte Teaghlaigh i bhfeidhm |
| | • Fóram Ceartais Teaghlaigh a bhunú chun bealaí a shainaithint trína ndéanfar an córas forleathan maidir le réiteach deacrachtaí teaghlaigh a shruthlíniú agus a fheabhsú | • Fóram Ceartais Teaghlaigh a bheith bunaithe sa bhliain 2017 |
| **Struchtúir agus córais chuí a fhorbairt chun riaráistí morgáiste agus cásanna eile dócmhainneachta pearsanta a láimhseáil** | • Faireachán a dhéanamh ar thionchar agus ar éifeachtacht próiseas, struchtúir agus córais a mhínscagadh agus a fhorbairt, más gá sin | • Córas éifeachtach dócmhainneachta pearsanta atá sorochtana do dhaoine a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu |

## Rochtain ar Cheartas / ar aghaidh

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
|---|---|---|
| **Tacú le forbairt seirbhísí inniúla, comhbhácha, éifeachtúla a fhorbairt d'íospartaigh na coireachta** | • Treoir an AE maidir le hÍospartaigh na Coireachta a chur i bhfeidhm | • Reachtaíocht a bheith achtaithe sa bhliain 2017 |
| | • An Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéis agus Inscne-bhunaithe a chur i bhfeidhm | • Cur i bhfeidhm a chur ar aghaidh i gcomhréir le haidhmeanna agus amscála na Straitéise Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéis agus Inscne-bhunaithe 2016-2021 |
| **Bonn feabhsaithe reachtaíochta a chur ar fáil le haghaidh caighdeáin bhreithiúnacha agus dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i ndáil le ceapacháin mar bhreithiúna, chomh maith le hathchóirithe eile státseirbhíse a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais athraitheacha na sochaí** | • Reachtaíocht a chur ar aghaidh chun athchóiriú agus uasdátú a dhéanamh ar an gcóras ceaptha breithiúna i gcomhréir leis an gClár Rialtais | • Nósanna imeachta nua maidir le ceapadh breithiúna i bhfeidhm sa bhliain 2017 |
| | • Reachtaíocht a chur ar aghaidh chun Comhairle Bhreithiúnach a bhunú<br>• A chinntiú go bhfuil cumarsáid éifeachtach ann le linn an phróisis reachtaíochta<br>• Taighde agus comhar le comhlachtaí athchóiriúcháin a chur chun cinn | • Comhairle Bhreithiúnach i bhfeidhm sa bhliain 2017 |
| | • Dul chun cinn a dhéanamh maidir le hathchóiriú an dlí shibhialta de réir chlár reachtaíochta an Rialtais agus i gcomhairle le geallsealbhóirí | • An líon Billí a achtaítear<br>• Údarás Rialála Seirbhísí Dlíthiúla ag oibriú<br>• Ordú íocaíochta idirthréimhsí a thabhairt isteach i gcásanna díobhála tubaistí |
| | • Éifeacht a thabhairt, i ndlí na hÉireann, don Rialachán agus don Treoir maidir le Cosaint Sonraí | • Reachtaíocht iomchuí maidir le cosaint sonraí a bheith achtaithe faoi Earrach na bliana 2018 |

# Sochaí atá Cothrom agus Uilechuimsitheach:

## Díriú ar bhacainní ar bhaint amach ár bhfíse i leith Éire shábháilte, chóir, uilechuimsitheach a bheith ann

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
|---|---|---|
| **Comhionannas agus uilechuimsitheacht a chur chun cinn i sochaí na hÉireann** | • Dul i dteagmháil leis an tsochaí shibhialta, leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí eile agus dul i mbun comhoibriú tras-Roinne chun beartais agus straitéisí a fhorbairt, a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm d’fhonn comhionannas agus uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn agus neamhionannais a shárú, agus chun faireachán a dhéanamh ina leith sin | • Na Straitéisí seo a leanas a bheith foilsithe agus faireachán á dhéanamh ina leith:<br>– Straitéis Náisiúnta na mBan<br>– An Straitéis maidir le Lánpháirtiú Imirceach<br>– An Straitéis Náisiúnta maidir le hUilechuimsitheacht Mhíchumais<br>– An Straitéis maidir le hUilechuimsitheacht an Lucht Siúil agus na Romach<br>– Straitéis maidir le hUilechuimsitheacht LGBTI<br>• Na spriocanna atá leagtha amach sna straitéisí náisiúnta a bheith bainte amach, gealltanais AE agus gealltanais idirnáisiúnta eile a bheith comhlíonta i réimsí an chomhionannais, na huilechuimsitheachta agus chearta an duine<br>• Faireachán agus tuairisciú á dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca le cóimheá inscne 40% a bhaint amach ar bhoird Stáit |
| | • Dréachtreachtaíocht a ullmhú chun tiomantas an Rialtais a chur i bhfeidhm i leith reifrinn ar Airteagal 41.2 den Bhunreacht maidir le saol na mban sa teaghlach | • Bille chun an Bunreacht a leasú a bheith tíolactha don Dáil |
| | • A chur de cheangal ar chuideachtaí ina bhfuil 50 ball foirne nó níos mó suirbhéanna pá a chomhlánú | • Suirbhéanna pá agus trédhearcacht phá a bheith tugtha isteach agus faireachán á dhéanamh ar an mbearna idir pá d’fhir agus do mhná |
| | • Na bearta tosaíochta seo a leanas a bhainistiú:<br>– Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) a dhaingniú; | • CRPD a bheith daingnithe |

## Sochaí atá Cothrom agus Uilechuimsitheach / ar aghaidh

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
|---|---|---|
| | – An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 a chur i bhfeidhm; | • An tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta a bheith bunaithe agus feidhmeanna na Seirbhíse a bheith leagtha síos ar mhodh bainistithe i gcomhar leis an Roinn Slainte sa bhliain 2017 |
| | – An Coinbhinsiún maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Aosach a dhaingniú; | • An Coinbhinsiún a bheith daingnithe |
| | – An Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur i bhfeidhm; | • Cuóta fostaíochta sa tseirbhís phoiblí a bheith méadaithe ó 3% go 6%<br>• Rochtain a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar dheiseanna ardchaighdeáin fónta oiliúna agus tacaíocht á thabhairt dóibh i leith dul i mbun fostaíochta, lena n-áirítear tacaíocht maidir le bainistíocht athruithe laistigh den chóras oideachais agus lasmuigh de |
| | – Athchóiriú a dhéanamh ar shaoire theaghlaigh; | |
| | – Beartas a fhorbairt agus formhaoirseacht a dhéanamh ar mhaoiniúchán chun comhionannas inscne agus lánpháirtiú imirceach a chur chun cinn; | • Comhionannas inscne agus lánpháirtiú imirceach á gcur chun cinn, lena n-áirítear trí thionscadail spriocdhírithe a mhaoiniú |
| | – Cláir mhaoiniúcháin ilbhliantúla, idir chláir náisiúnta agus chláir de chuid an Aontais Eorpaigh, a oibriú chun tacú le hidirghabhálacha áitiúla agus náisiúnta ag eagraíochtaí sochaí sibhialta agus ag grúpaí eile atá dírithe ar lánpháirtiú imirceach agus comhionannas inscne a chur chun cinn; | |
| | – Comhionannas agus promhadh ó thaobh inscne a chur chun cinn. | • Feabhas curtha ar an mbreithniú a dhéantar ar shaincheisteanna comhionannais i dtograí maidir le beartas náisiúnta |

# Córas Inimirce agus Cosanta atá Cóir agus Cothromaithe:

## Seirbhísí inimirce agus cosanta a sholáthar chun tacú lenár bhfís i leith Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach a bheith ann

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
|---|---|---|
| **Córas cosanta idirnáisiúnta atá sruthlínithe agus éifeachtach a áirithiú, lena n-áirítear feabhsuithe ar an gcóras Soláthair Dhírigh** | • An córas Iarratais Aonair a chur i bhfeidhm de réir an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta 2015<br>• Feabhsuithe ar an gcóras Soláthair Dhírigh, go háirithe do theaghlaigh | • Iarratais chéaduaire ar Chosaint Idirnáisiúnta á bpróiseáil laistigh de 6-9 mí<br>• Laghdú déanta ar an am a chaitear i Soláthar Díreach agus feabhas curtha ar dhálaí |
| **Tacaíocht a thabhairt maidir le hathshuíomh agus athlonnú dídeanaithe cláir agus cuardaitheoirí tearmainn athshuite** | • Na sraitheanna athlonnúcháin agus athshuímh de Chlár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann a bhainistiú le go gcomhlíonfar tiomantas an Rialtais i leith dídeanaithe cláir agus cuardaitheoirí tearmainn athshuite<br>• Comhordú a dhéanamh ar athlonnú dídeanaithe Cláir agus cuardaitheoirí tearmainn athshuite in Éirinn i gcás daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta deonaithe dóibh | • Gealltanais an Rialtais maidir le hathlonnú agus athshuíomh a bheith comhlíonta |
| **Feabhas a chur ar rialuithe inimirce ag teorainneacha an Stáit** | • Roinnt réiteach teicneolaíochta a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar shlándáil ag an teorainn, lena n-áirítear Réamhthuairisciú Faisnéise Paisinéara, seiceáil isteach uathoibrithe, geataí leictreonacha ag calafoirt iontrála, sibhialtachtú breise i ndáil le rialuithe inimirce túslíne | • Teicneolaíochtaí nua rialaithe teorann i bhfeidhm agus seiceálacha feabhsaithe á ndéanamh ar dhaoine ag calafoirt iontrála |
| **Beartais freagrúla a áirithiú i leith náisiúnaigh neamh-EEA a bhfuil cónaí orthu sa STát agus na beartais sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach** | • Athbhreithnithe rialta beartais ar chúrsaí inimirce, lena n-áirítear beartais i ndáil le mic léinn, daoine scortha, oibrithe etc. chun déileáil le riachtanais agus éilimh athraitheacha<br>• Próisis éifeachtacha maidir le clárú náisiúnach neamh-EEA, déileáil go héifeachtach le hiarratasóirí ar raon leathan seirbhísí inimirce agus saoránachta | • Amscálaí maidir le hiarratais éagsúla á gcur i bhfeidhm |

# Córas Inimirce agus Cosanta atá Cóir agus Cothromaithe / ar aghaidh

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
|---|---|---|
| **Córas cothrom víosaí a sholáthar chun a chumasú do chuairteoirí dlisteanacha, do thurasóirí agus d'iarratasóirí ar fhanacht fadtéarma teacht anseo agus, ag an am céanna, a chinntiú go gcoimeádtar rialuithe iomchuí ar bun** | • Leanúint de na dlíthe inimirce a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar dhrochúsáid socruithe inimirce | • An líon Orduithe Ionnarbtha agus Orduithe Aistrithe agus Díbeartha (faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II) a dhéantar agus a chuirtear i bhfeidhm |
| **Leanúint den Chomhlimistéar Taistil a oibriú go héifeachtach** | • Leanúint de bheith ag obair in éineacht le comhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe i ndáil le feabhsú agus daingniú an Chomhlimistéir Taistil (CTA)<br>• A chinntiú go ndéantar seasamh na hÉireann ar shaincheisteanna inimirce a léiriú ag leibhéal an AE<br>• Na himpleachtaí a bhaineann le Brexit i dtaca le gach gné de chúrsaí inimirce, lena n-áirítear an Comhlimistéar Taistil, a bhreithniú agus aghaidh a thabhairt orthu | • Slándáil fheabhsaithe maidir leis an gComhlimistéar Taistil<br>• Na gnéithe inimirce de Brexit a bheith breithnithe agus léirithe i dtoradh deiridh na gcaibidlíochtaí |

# Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mBeartas Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ar Chur i bhFeidhm an Bheartais sin:

## Ceannaireacht chomhoibríoch a chur ar fáil don Roinn agus don earnáil i gcoitinne d’fhonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht a bhaint amach

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
|---|---|---|
| **Ceannaireacht agus treoir straitéiseach faoi chúrsaí Ceartais agus Comhionannais a chur ar fáil, agus leas á bhaint as Cairt Cultúir na Roinne** | • Pleanáil straitéiseach agus comhoibriú a chur ar aghaidh i gcomhar le gach Comhlacht Ceartais agus Comhionannais agus le Ranna eile | • Cur chuige comhpháirteach a bheith forbartha le Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí agus le Ranna eile, lena n-áirítear an Chomhstraitéis maidir le bainistiú ciontóirí, bearta sábháilteachta, saincheisteanna a bhaineann le leanaí etc |
| | • Obair an Choiste Straitéisigh Ceartais Choiriúil a chur ar aghaidh | • Creat oibriúcháin don Choiste Straitéiseach Ceartais Choiriúil i bhfeidhm agus tionscnaimh shonracha le haghaidh comhar idirghníomhaireachta a bheith sainaitheanta agus curtha ar aghaidh |
| | • Feabhas a chur ar chaidreamh leis an lucht acadúil agus leis an tsochaí shibhialta | • 2 Dhíospóireacht Oscailte Beartais ar a laghad a sheoladh sa bhliain<br>• Clár leanúnach taighde a bheith forbartha i rith na bliana 2017 agus curtha i gcrích thar an 2 bhliain seo chugainn i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta |
| | • Cur i bhfeidhm éifeachtach a chinntiú i ndáil le reachtaíocht atá achtaithe cheana féin | • Bunú an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlíthiúla agus feidhmeanna an Údaráis a bheith leagtha amach ar mhodh bainistithe (2017) |
| **Feabhas a chur ar chomhar idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna ceartais agus comhionannais** | • Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann leasanna na hÉireann ar bhonn idirnáisiúnta trí pháirt iomlán a ghlacadh sna comhráite iomchuí go léir de chuid an AE agus trí thacaíocht a sholáthar don Tánaiste ag Comhairlí Aire | • An líon cruinnithe a mbeidh freastal déanta orthu agus na hoibleagáidí gaolmhara go léir a bheith comhlíonta |
| | • Páirt a ghlacadh sna caibidlíochtaí go léir a bhaineann le tarraingt siar ón AE ag an Ríocht Aontaithe lena chinntiú go mbaineann Éire amach na torthaí is fearr is féidir | • Ionadaíocht déanta go hiomlán thar ceann leasanna na hÉireann |
| | • Rannchuidiú le comhráite AE faoi chomhar ceartais choiriúil agus dlí shibhialta, faoi chomhar póilíneachta agus faoi chúrsaí inimirce/tearmainn | • Mar atá luaite thuas |

## Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mBeartas Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ar Chur i bhFeidhm an Bheartais sin / ar aghaidh

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
|---|---|---|
| **Ceanglais maidir le tuairisciú faoi Choinbhinsiúin éagsúla a chomhlíonadh** | • Bainistíocht a dhéanamh ar na scrúduithe a dhéanann Éire faoi Choinbhinsiúin iomchuí de chuid na Náisiún Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa | • Gealltanais idirnáisiúnta na hÉireann a bheith comhlíonta |
| **A chumasú do chomhlachtaí na hearnála Ceartais a bhfeidhmeanna a fheidhmiú go sásúil agus rialachas éifeachtach a chinntiú** | • Oibriú le Gníomhaireachtaí/ Comhlachtaí chun comhaontuithe formhaoirseachta a chur i bhfeidhm agus faireachán rialta a dhéanamh de réir cheanglais *Chreat Rialachais Chorparáidigh na Roinne* agus an *Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)* | • Comhaontuithe Formhaoirseachta i bhfeidhm de réir mar is cuí<br>• Comhaontuithe athbhreithnithe bliantúla maidir le feidhmíocht i bhfeidhm leis na gníomhaireachtaí go léir lena mbaineann<br>• Cruinnithe rialachais leis na gníomhaireachtaí reachtúla go léir dhá uair ar a laghad sa bhliain chun dul chun cinn a athbhreithniú |
| | • Oibriú le Gníomhaireachtaí/ Comhlachtaí chun tacú leo a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise seo | • Dul chun cinn mar atá taifeadta i dTuarascálacha Bliantúla na gComhlachtaí |
| | • Cumas eagraíochtúil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS) a fheabhsú chun coimeád slán sábháilte, dínit agus cúram príosúnach agus athshlánú príosúnach a chinntiú ar mhaithe le pobail níos sábháilte | • Dul chun cinn mar atá taifeadta i dTuarascálacha Bliantúla IPS |
| | • Oibriú go gníomhach leis na geallsealbhóirí go léir chun cumasc an Údaráis Clárúcháin Maoine (PRA), na hOifige Luachála agus Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) a chur i gcrích i.e. Tailte Éireann a bhunú | • An Bille a bheith foilsithe faoi dheireadh na bliana 2017<br>• Tailte Éireann bunaithe tar éis an reachtaíocht a achtú |
| | • Dlús a chur le tógáil na saotharlainne nua Eolaíochta Fóiréinsí | • Tógáil na saotharlainne críochnaithe faoin mbliain 2019 |
| **Athchóirithe seirbhíse poiblí a chur chun cinn ar fud na hearnála chun acmhainn agus cumas na hearnála a fheabhsú** | • Pleananna Bliantúla Comhtháite a fhorbairt maidir le hAthchóiriú a Chur i gCrích | • An Plean Athchóiriúcháin a bheith curtha i bhfeidhm, agus faireachán á dhéanamh trí *OnePlan* |

# Ár mbaill foirne, ár gcultúr, ár gcórais agus ár bpróisis a fhorbairt:

## Feidhmiú mar Roinn ardfheidhmíochta, iontaofa agus acmhainneacht ann chun ár bhfís i leith Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach a bheith ann a bhaint amach

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
|---|---|---|
| **Feidhmiú mar eagraíocht ardfheidhmíochta agus béim á leagan i gcónaí ar fhorbairt eolas agus scileanna na foirne** | • A chinntiú go gcuirtear ár luachanna i ngníomh i ngach gné dár gcuid oibre | • Straitéis Acmhainní Daonna i bhfeidhm agus an leibhéal ar dá réir atá gealltanais á gcomhlíonadh |
| | • Athrú eagrúcháin leanúnach a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an bPlean Athnuachana don Státseirbhís | • Leibhéil mhéadaithe agus sástachta caidrimh foirne, de réir mar a thomhaistear le Suirbhé Caidrimh i measc Fhoireann na Státseirbhíse |
| | • Múnla comhpháirtithe straitéiseacha gnó a chur i bhfeidhm i réimse na nAcmhainní Daonna | |
| | • Úsáid a bhaint as pleanáil fórsa saothair chun na struchtúir agus an fhoireann a ailíniú leis an Straitéis seo agus chun acmhainní a chur ar fáil don Roinn ar mhodh éifeachtach | • Plean Fórsa Saothair i bhfeidhm agus á bhainistiú go héifeachtach tar éis acmhainní agus freagrachtaí a ailíniú |
| | • Deiseanna foghlama agus forbartha a sholáthar agus iad ceaptha go sainiúil do riachtanais na heagraíochta agus na foirne i gcomhar le hIonad Comhroinnte Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse | • Deiseanna foghlama agus forbartha a sholáthar i ndáil leis an eolas, na scileanna agus na n-iompraíochtaí atá ag teastáil agus i ndáil le forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne<br>• Clár iomlán oiliúna i bhfeidhm |
| **Cumarsáid inmheánach agus cumarsáid sheachtrach a fheabhsú** | • Ár Straitéis Cumarsáide – *'Communicating Change'* – a chur i bhfeidhm | • Cumarsáid fheabhsaithe inmheánach agus sheachtrach, de réir mar a thomhaistear tríd an athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus a cuspóirí agus a haidhmeanna agus, chomh maith leis sin, trí mheasúnú bliantúil |
| **Sárseirbhís custaiméara a sholáthar dár ngeallsealbhóirí go léir** | • Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar don phobal agus raon feabhsaithe seirbhísí ar líne a chur ar fáil | |
| | • Na gealltanais atá ann sa Phlean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara agus sa Chairt Custaiméara a chur i bhfeidhm, agus faireachán a dhéanamh air sin | • Leibhéal méadaithe sástachta ó thaobh seirbhísí custaiméara de, de réir mar a thomhaistear trí aiseolas agus trí shuirbhéanna |

# Ár mbaill foirne, ár gcultúr, ár gcórais agus ár bpróisis a fhorbairt / ar aghaidh

| CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | GNÍOMHARTHA TOSAÍOCHTA | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/TORTHAÍ |
|---|---|---|
| **Bainistíocht níos fearr, comhtháthú níos fearr agus úsáid níos fearr eolais, sonraí agus taighde a chinntiú** | • I gcomhar le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO), an straitéis dar teideal *"Tógáil ar mhaithe le Comhroinnt"* a chur i bhfeidhm trí raon feidhmchlár a thacaíonn le cúrsaí riaracháin | • Sraith feidhmchlár 'Tógáil ar mhaithe le Comhroinnt' a bheith curtha i bhfeidhm i rith na bliana 2017 agus go luath sa bhliain 2018 |
| | • Mol Ceartais agus Comhionannais a fhorbairt chun malartú éifeachtúil, daingean sonraí agus faisnéise cuí a chumasú laistigh den earnáil Cheartais agus Comhionannais | • Straitéis maidir le Sonraí (ina gcuimsítear Úsáid Mór-Shonraí agus Sonraí Oscailte) a bheith foilsithe i lár na bliana 2017, agus ina gcuimsítear forbairt agus scaipeadh na fianaise atá ar fáil go forleathan (staitisticí agus sonraí) mar thacaíocht dár straitéisí |
| | • Mol Oibriúcháin Ceartais Choiriúil a fhorbairt chun comhroinnt faisnéise oibriúcháin idir gníomhaireachtaí a uathoibriú agus a fheabhsú agus, ar an dóigh sin, éifeachtúlachtaí maidir le bainistiú cásanna a chumasú agus sonraí agus anailísíocht níos fearr a chumasú i gcomhair cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe agus measúnú torthaí | • Cás Gnó don Mhol Oibriúcháin Ceartais Choiriúil a bheith ceadaithe agus Plean Tionscadail a bheith forbartha agus curtha i bhfeidhm; tairbhí na gcéimeanna tosaigh den tionscadal a bheith bainte amach i rith na mblianta 2018 agus 2019 |
| **Cur i gcrích na ngníomhartha atá ann sa Ráiteas Straitéise seo a áirithiú** | • Pleananna Bliantúla Straitéiseacha Gnó a fhorbairt agus a fhoilsiú – *OnePlan* – mar Phlean Forfheidhmiúcháin don Straitéis seo | • *OnePlan* a bheith i bhfeidhm agus á fhoilsiú ar bhonn bliantúil i Ráithe 1 |
| | • Faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ar bhonn míosúil, agus tuarascálacha mionsonraithe a thabhairt don Bhord Bainistíochta | • Faireachán gníomhach ar dhul chun cinn faoi OnePlan, lena n-áirítear tuarascálacha míosúla don Bhord Bainistíochta |

# Aguisín 1
## Gealltanais faoin gClár do Rialtas Comhpháirtíochta – An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

### Éire Atá Slán Sábháilte

- Cláir Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána do dhaoine óga, trína gcuirtear ceartas aisig chun cinn, a leathnú.
- Athbhreithneoimid an reachtaíocht láithreach faoi Fháltais ó Choireacht agus cinnteoimid go soláthrófar acmhainní dóthanacha chun tacú le hobair an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla i ndáil le dul i ngleic le sciúradh airgid agus chun díriú ar fháltais ó choireacht.
- Soláthrófar acmhainní dóthanacha chun tacú leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB) i ndáil le dul i ngleic le sciúradh airgid agus chun  díriú ar fháltais ó choireacht.
- Leanfar den chlár luathaithe earcaíochta d'fhonn an líon comhaltaí sa Gharda Síochána a mhéadú go dtí 15,000.
- Déanfar an líon comhaltaí i gCúltaca an Gharda Síochána a dhúbailt le gur féidir leo gníomhú i ról tacaíochta trí patróil áitiúla a dhéanamh agus trí thionscnaimh laghdaithe coireachta a chur i gcrích.
- Méadófar an sibhialtachtú tuilleadh chun líon níos mó Gardaí a shaoradh chun díriú ar sheirbhísí póilíneachta túslíne (i.e. freastal sna cúirteanna a tharmligean agus saoradh ó dhualgais deisce).
- Lárcheantair uirbeacha agus an geilleagar oíche a choimirciú trí acmhainní cuí a thabhairt don Gharda Síochána chun díriú ar dhíol agus ar sholáthar drugaí aindleathacha ar ár gcuid sráideanna.
- Ár gcuid saoránach go léir a chosaint trí choireacht a laghdú trí infheistíocht shuntasach a dhéanamh sa Gharda Síochána, trí chóras dlíthiúil níos éifeachtúla a chruthú agus cur chuige dian maidir le pianbhreitheanna do chiontóirí a chur i bhfeidhm.
- Bonneagar nua póilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis agus a mhéadóidh cumas an Gharda Síochána chun coireacht a bhrath agus pobail a dhéanamh níos sábháilte do gach duine iontu.
- Tuilleadh infheistíochta i bhflít an Gharda Síochána.
- Stáisiúin nua agus athfheistithe Garda Síochána ar fud na tíre, rud a bheidh fíorthábhachtach maidir le póilíneacht éifeachtach a sholáthar.
- Tacóimid le hinfheistíocht in CCTV ag suímh thábhachtacha ar an ngréasáin bóithre agus i lárcheantair uirbeacha.
- Scrúdóimid an bealach inar féidir le pobail caidreamh níos fearr a bheith acu le CAB, lena n-áirítear faisnéis a sholáthar faoi úsáid fáltas ó choireacht i gceantair áitiúla agus an fhéidearthacht maidir le CAB níos lú a bhunú chun díriú ar shócmhainní réigiúnacha.
- Iarrfaimid ar an Údarás Póilíneachta formhaoirseacht a dhéanam ar an athbhreithniú ar theorainneacha cheantair an Gharda Síochána agus ar scaipeadh stáisiúin an Gharda Síochána i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha agus fho-uirbeacha atá i mbéal forbartha d'fhonn dáileadh geografach stáisiún, atá éifeachtach agus barrmhaith, agus amanna freagartha chomh gairid agus is féidir a áirithiú, lena n-áirítear aird a thabhairt ar dhúnadh stáisiún ó bhí an bhliain 2012 ann.
- Iarrfaimid ar an Údarás Póilíneachta formhaoirseacht a dhéanamh ar shocruithe maidir le húsáid agus sealanna oibre na foirne d'fhonn an nasc riachtanach seo le pobail a neartú d'fhonn feabhas a chur ar aonaid phóilíneachta pobail.
- Mar chuid den athbhreithniú, lainseálfaimid scéim phíolótach trína n-athosclófar 6 stáisiún Garda, i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuaithe araon, chun a fháil amach cé na tionchair dhearfacha a bheidh ag oscailtí den sórt sin ar ghníomhaíocht choiriúil, agus béim ar leith á leagan ar bhuirgléireacht, ar ghadaíocht agus ar ord poiblí. Cuirfear tús leis seo laistigh de dhá mhí.
- Agus ról luachmhar na gComhchoisií Póilíneachta á aithint, déanfaimid acmhainní agus cumhachtaí níos fearr a thabhairt do Chomhchoistí Póilíneachta (JPC-anna) agus athbhreithneofar ról na JPC-anna maidir le forbairt Straitéisí Póilíneachta Pobail. Ina theannta sin, scrúdóimid na féidearthachtaí maidir le comhréireacht níos mó i dtaca le JPC-anna ar fud na tíre.
- Tacaímid leis an tseirbhís éisteachta pobail agus le seirbhísí téacs-fholáirimh ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta. D'fhonn maoiniúchán a chur ar fáil, déanfaimid breithniú i dtaobh conas an méid sin a leathnú agus i dtaobh oifigigh réigiúnacha/ náisiúnta tacaíochta a thabhairt isteach i gcomhar leis an nGarda Síochána.

- Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt do scéimeanna coiscthe coireachta pobail, agus de thús áite a thabhairt dóibh, lena n-áirítear Scéimeanna Faire Comharsanachta agus Téacs-Fholáirimh. Féachfaimid le comhréireacht a bhaint amach i ndáil le tacaíochtaí do ghrúpaí pobail agus scrúdóimid na deiseanna maidir le maoiniúchán díreach do scéimeanna agus do ghrúpaí pobail.
- Tabharfar tús áite d'fhorbairt sain-Aonad nua Tacaíochta Faoi Airm do limistéar Bhaile Átha Cliath, agus é ag oibriú de bhreis air an Aonad Freagartha Éigeandála agus ar aonaid eile de chuid an Gharda Síochána, chun dul i ngleic le drongchoireacht.
- I gcomhthéacs na méaduithe ar neart foriomlán an Gharda Síochána, cinnteoimid, maidir leis na haonaid speisialtóireachta atá bainteach leis an gcomhrac i gcoinne na gcineálacha coireachta tromchúisí go léir, go mbeidh an líon foirne iomlán acu a luaithe is féidir.
- Bealach éifeachtach féideartha chun dul i ngleic le coireacht is ea spreagadh a thabhairt do phobail i leith oibriú in éineacht leis na Gardaí. Bunóimid Fóraim Gharda/Lucht Gnó i lárcheantair uirbeacha rud a ligfidh do na Gardaí agus do ghnóthaí oibriú le chéile chun feabhas a chur ar shábháilteacht phoiblí, chun geilleagar sábháilte oíche a áirithiú agus chun déileáil le coireacht i gcoinne gnóthaí.
- Tá sé beartaithe againn an raon catagóirí coireachta tromchúisí a leathnú chuig athchiontóirí agus beidh na pianbhreitheanna níos déine a ghabhann leis na catagóirí sin infheidhme maidir leo.
- Chun an riosca maidir le hathchiontú a laghdú, neartóimid an mhaoirseacht ar athchiontóirí ilghníomhacha tar éis dóibh a bpianbhreith phríosúnachta a chur isteach.
- Tabharfaimid acmhainní do na Cúirteanna, go háirithe an Chúirt Chuarda, chun déileáil leis an líon méadaithe ionchúiseamh neamhachomair i leith coireanna tromchúiseacha.
- Is léir gurb é a leanann as maoirseacht ar chiontóirí gnéis tar éis iad a scaoileadh saor ná laghdú ar an líon cásanna ina ndéantar athchiontú agus leanann cosaint don phobal as freisin. Déanfaimid na socruithe atá ann a fheabhsú tuilleadh trí fhoráil a dhéanamh maidir le maoirseoirí iarscaoilte saor agus, más gá, déanfar tuilleadh leasuithe ar an reachtaíochta atá ann faoi láthair maidir leis an réimse seo. Déanfaimid foráil i reachtaíocht maidir leis na Gardaí do nochtadh mionsonraí faoi chiontóirí gnéis i gcás ina gcreideann siad go bhfuil ábhar imní ann fós i ndáil le sábháilteacht phoiblí, le n-áirítear nochtadh do thuismitheoirí ar leithligh in imthosca iomchuí.
- Iarrfaimid ar an gCoiste Oireachtais iomchuí breithniú a dhéanamh i dtaobh pianbhreitheanna sainordaitheacha a thabhairt isteach mar gheall ar robáil, le foréigean, i dteaghlach.
- I gcomhar leis an Údarás nua Póilíneachta, oibreoimid in éineacht leis an nGarda Síochána chun athchóirithe a chur i bhfeidhm, go háirithe sibhialtachtú, sealaíocht agus struchtúir bhainistíochta.
- Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt don Údarás nua neamhspleách Póilíneachta ina cháil mar chomhlacht nua formhaoirseachta don phóilíneacht in Éirinn agus do ról feabhsaithe Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) i ndáil le formhaoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar ghearáin i gcoinne comhaltaí den Gharda Síochána.
- Tabharfar aird iomlán ar aon fhianaise nua a thagann chun cinn agus ar dóigh di cúis an dóiteáin ag an Stardust a shuíomh go cinntitheach.
- Tacaíocht a thabhairt don Gharda Síochána agus don Tascfhórsa Comhpháirteach Gníomhaireachta nua atá beartaithe araon chun oibríochtaí comhordaithe túslíne idirghníomhaíochta atá dírithe ar chur isteach ar choireacht trasteorann agus ar smuigleáil breosla agus tobac a chur i bhfeidhm.
- Déanfaimid comhlachtaí agus seirbhísí trasteorann i dTuaisceart Éireann a neartú agus a fhorbairt agus an Comhaontú dar teideal 'Tús Nua' a chur i bhfeidhm I gComhaontú 'Tús Nua', thugamar gealltúint i leith Tascfhórsa Comhpháirteach Gníomhaireachta a bhunú chun dul i ngleic le coireacht eagraithe trasdlínse, rud a chuirfeadh leis na comhiarrachtaí láithreacha atá dírithe ar smuigleáil tobac agus ar sciúradh breosla. Ag féachaint d'iarmhairtí tromchúiseacha eacnamaíochta, sláinte agus comhshaoil na coireachta trasteorann, déanfaidh an Tascfhórsa seo, ina n-úsáidfear cur chuige nua straitéiseach, oibríochtúil, na hiarrachtaí maidir le dul i ngleic le plá na coireachta trasteorann a fheabhsú go suntasach.
- Foilseoimid reachtaíocht nua chun rialáil a thabhairt isteach ar dhíol agus ar cheannach miotal lómhar, i gcomhréir leis an gcomhairliúchán poiblí a sheol an Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais sa bhliain 2015.
- Oibreoimid leis an Roinn Comhshaoil chun an rialáil ar dhíol agus ar cheannach dramhmhiotail a neartú tuilleadh.
- Déanfar athbhreithniú bunúsach struchtúrach ar na socruithe cinnteoireachta thar na réimsí comhchoiteanna slándála agus cosanta.
- Córas IT comhroinnte faisnéise Schengen II a chur i bhfeidhm agus idir-inoibritheacht a fheabhsú ar bhonn idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar phóilíniú pointí iontrála isteach sa Stát agus chun tacú leis na Gardaí maidir le coirpigh amhrasta, chontúirteacha a bhfuil tóir orthu a aimsiú nó maidir le cosc a chur ar sceimhlitheoirí ionchasacha teacht isteach sa tír.
- Cinnteoimid go bhfuil acmhainní dóthanacha ag na Gardaí agus go mbíonn an comhar riachtanach trasteorann ann ar leibhéal aireachta, institiúide, gníomhaireachta agus póilíneachta chun stop a chur leis na sceimhlitheoirí easaontacha a bhíonn ag iarraidh an próiseas síochána agus an clár oibre athmhuintearais a scriosadh, ar nithe iad sin a dtacaíonn formhór mór na ndaoine ar an oileán seo leo.
- Déanfaimid Coinbhinsiún Iostanbúl maidir le Dul i nGleic le Foréigean Baile, agus na gealltanais atá ann sa Dara Straitéis Náisiúnta a foilsíodh le déanaí maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscne-Bhunaithe, a chur i bhfeidhm go hiomlán.
- Cinnteoimid go bhfuil cosaintí daingne i bhfeidhm chun leanaí a chosaint agus iad ar líne.
- Déanfaimid togra maidir le reachtaíocht uasdátaithe chun déileáil go héifeachtach le

cionta gnéis, lena n-áirítear smachtbhannaí níos láidre atá dírithe ar leanaí a chosaint ar dhúshaothrú gnéis, ar ábhar drochúsáid leanaí agus ar mhealltóireacht ar líne.

- Tá reachtaíocht lena ndéanfar socrú maidir le coinníollacha bannaí níos déine i leith athchiontóirí tromchúiseacha á hullmhú agus neartóidh sé sin cumhachtaí na nGardaí chun déileáil le sáruithe ar bhannaí agus chun úsáid cuirfiúnna a mhéadú. Féachfaimid leis an reachtaíocht sin a chur ar chlár oibre an Oireachtais a luaithe is féidir.
- Déanfaimid clibeáil leictreonach a thabhairt isteach do dhaoine atá faoi bhannaí i gcás ina n-iarrann na Gardaí amhlaidh agus, ar an dóigh sin, laghdófar an riosca maidir le hathchiontú. Féachfaimid le dlús a chur le próiseáil na reachtaíochta sin.
- Cuirfimid reachtaíocht chun cinn chun laghdú a dhéanamh ar mhoilleanna míchuí le trialacha agus le himeachtaí cúirte, lena n-áirítear éisteachtaí réamhthrialach.
- Uasghrádófar an bonneagar ICT agus, ar bhonn an dea-chleachtais, féachfar le reachtaíocht a thabhairt isteach maidir le ráitis a ghlacadh agus taifid a dhéanamh, rud a chuirfidh deireadh le cleachtais as dáta páipéar-bhunaithe agus a chuirfidh ar chumas na nGardaí feidhmiú sa ré nua-aoiseach seo. Tabharfaimid tús áite do chóras nua seachadta ríomhchuidithe, do theicneolaíocht shoghluaiste mhéadaithe, do chóras bainistíochta imscrúdúcháin agus do nascacht fheabhsaithe d'fheithiclí Garda.
- Cuirfimid reachtaíocht chun cinn chun socrú a dhéanamh maidir le ciontuithe a bheith spíonta ar thaifead duine tar éis tréimhse ama tar éis cionta áirithe a bheith imithe i léig.

# Rochtain ar Cheartas

- Déanfaimid freagracht i ndáil le Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil a aistriú chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil agus beidh cumhachtaí nua ag an mBord chun iallach a chur ar choirpigh ranníocaíocht a íoc. Ina theannta sin, tabharfaimid isteach próiseas níos déine agus níos oibiachtúla maidir le tástáil acmhainne i ndáil le hiarratais den sórt sin, chomh maith le méadú a dhéanamh ar an smachtbhanna i leith dearbhuithe bréagacha a dhéanamh, agus cuirfear feabhas ar chúrsaí ionchúisimh i gcásanna drochúsáide.
- Tabharfaimid reachtaíocht isteach chun Coimisiún nua Ceapachán Breithiúnach a chur in ionad an Bhoird Chomhairligh um Cheapacháin Bhreithiúnacha. Mar chuid den struchtúr nua, déanfar laghdú ar an líon comhaltaí, beidh cathaoirleach neamhspleách ann a bheidh roghnaithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus a bheidh ceadaithe ag Coiste Oireachtais, agus beidh tromlach tuatach ann, lena n-áirítear daoine neamhspleácha ag a bhfuil cáilíochtaí speisialtóireachta.
- Déanfaimid athchóiriú ar an bpróiseas ceaptha breithiúna chun a chinntiú go bhfuil sé trédhearcach, cóir agus inchreidte. Déanfaimid an líon iarrthóirí oiriúnacha a mholfaidh an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha i ndáil le gach folúntas a laghdú go dtí an líon is ísle atá molta mar líon atá incheadaithe de réir an bhunreachta agus an dlí ag an Ard-Aighne, ach, in aon chás, go dtí líon nach mó ná triúr iarrthóirí a bheidh curtha ar ghearrliosta ag an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha i gcomhair aon fholúntais ar leith.
- Iarrfar ar Chathaoirleach nua an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha freastal a dhéanamh ar an gCoiste Oireachtais iomchuí ar bhonn bliantúil chun tuairisciú a dhéanamh ar chúram reachtúil an Choimisiúin.
- Déanfaimid staidéar bliantúil ar éifeachtúlacht na gcúirteanna agus na n-amanna suí a choimisiúnú, agus déanfar tagarmharcáil i leith na nithe sin i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta chun tomhas cruinn a sholáthar ar dá réir a chuirfear feabhas ar rochtain ar cheartas.
- Foilseoimid reachtaíocht chun Treoir an AE maidir le hÍospartaigh na Coireachta a chur i bhfeidhm go hiomlán, rud a neartóidh cearta íospartach ar fud an Aontais Eorpaigh agus a neartóidh an tacaíocht agus an chosaint atá ann dóibh. Forbróimid seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh, lena n-áirítear Oifigí Tacaíochta Íospartach an Gharda Síochána ina soláthraítear pointe aonair teagmhála chun teacht ar thacaíocht agus ar fhaisnéis.
- I gcomhthráth leis sin, déanfaimid scrúdú i dtaobh an féidir córas nua Cosantóra Phoiblí a chur ar bun agus tuairisceofar don Choiste Oireachtais iomchuí agus don Rialtas laistigh de 6 mhí.

# Sochaí atá Cothrom agus Uilechuimsitheach

- Cúrsaí do mhná a sholáthrófar ar bhonn áitiúil, is é sin, cúrsaí ina gcuimseofar sraith deiseanna oiliúna maidir le féinfhorbairt agus scileanna a bhaineann le hobair, chun cabhrú le daoine filleadh ar an margadh saothair agus chun fiontraíocht a chur chun cinn.
- Ionadaíocht ban ar bhoird stáit a mhéadú go 40%.
- Airteagal 41.2.1 de Bhunreacht na hÉireann maidir le saol na mná sa teaghlach.
- Tar éis reachtaíocht a thabhairt isteach chun rannpháirtíocht ban sa pholaitíocht a spreagadh. Foilseoimid Straitéis Náisiúnta uasdátaithe do Mhná faoi dheireadh na bliana 2016, chun rannpháirtíocht ban sa chinnteoireacht a chur chun cinn tuilleadh. Tabharfaimid cumhachtaí do mhná lena chinntiú nach mbíonn teaghlaigh a bhfuil mná i gceannas orthu i mbaol níos airde a thuilleadh ó thaobh na bochtaine de. Déanfaimid bearta chun laghdú a dhéanamh ar an mbearna idir pá na bhfear agus pá na mban – rud a chlúdóidh infheistíocht i gcúram leanaí a mhéadú, agus athbhreithniú a dhéanamh ar phá níos ísle na mban agus ar neamhionannas inscne ó thaobh ceapacháin shinsearacha de.
- Trédhearcacht phá trína cheangal ar chuideachtaí ina bhfuil 50 fostaí nó níos mó suirbhé pá a chomhlánú.
- Méadóimid saoire tuismitheora le pá sa chéad bhliain de shaol an linbh (faoi láthair, 26 seachtaine atá ann mar shaoire mháithreachais, móide 2 sheachtain de shaoire atharthachta atá le tabhairt isteach ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh).
- Thar na cúig bliana atá díreach romhainn, déanfar méadú suntasach ar shaoire tuismitheora sa chéad bhliain de shaol an linbh. Léiríonn taighde gur sa chéad bhliain a fhaigheann leanaí an tairbhe is mó ó chúram tuismitheora.
- Foilseoimid Straitéis athbhreithnithe maidir le hUilechuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach agus é mar aidhm aici feabhas a chur ar shaol na bpobal Lucht Siúil agus Romach faoi dheireadh na bliana 2016.
- Shínigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas sa bhliain 2007 agus, i mí na Samhna 2015, foilsíodh treochlár maidir le daingniú an Choinbhinsiúin. Tá reachtaíocht chun aghaidh a thabhairt ar raon bacainní reachtacha ar dhaingniú á dréachtú d'fhonn an reachtaíocht a leagan faoi bhráid an Oireachtais roimh dheireadh na bliana 2016. Iarrfar ar an gCoiste Oireachtais iomchuí agus ar na geallsealbhóirí iomchuí formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta.
- Ina theannta sin, déanfaimid athbhreithniú ar ról an Údaráis Náisiúnta Míchumais.
- Dá bhrí sin, déanfaimid an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, á chinntiú go mbeidh na gníomhartha a bhaineann léi in oiriúint do bheartais gníomhachtaithe príomhshrutha agus go dtugann sí aghaidh ar ábhair imní maidir le cailleadh sochar tánaisteach ionas gur mó i gcónaí an íocaíocht a fhaightear ó obair ná mar a fhaightear ón gcóras leasa.
- Cinnteoimid go ndéanfar an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas, atá luaite thuas, a chur i bhfeidhm go hiomlán.
- Plé a dhéanamh faoi Airteagal 40.6.1(i) a leasú chun deireadh a chur le cion an diamhasla.
- Seirbhís nua a bhunú chun caighdeánú a dhéanamh ar na tacaíochtaí atá ar fáil d'iasachtaithe a bhfuil riaráistí morgáiste acu, agus cumhachtaí agus acmhainní riachtanacha a bheith ann chun comhairle a thabhairt, cásanna a mheas, caibidlíocht a dhéanamh agus réitigh a mholadh.
- Sainchúirt nua a bhunú chun déileáil go híogaireach agus go dlúsúil le riaráistí morgáiste agus le cásanna eile dócmhainneachta pearsanta, lena n-áirítear réitigh a fhorchur, lena n-áirítear réitigh a bheidh molta ag an tseirbhís nua. D'fhéadfaí éisteachtaí na cúirte seo a sheoladh go príobháideach dá n-iarrfaí an féichiúnaí amhlaidh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na tairseacha, agus ar na próisis, i leith Socruithe Dócmhainneachta Pearsanta (lena n-áirítear Fiontair Bheaga agus Meánmhéide [SME-anna]) agus iad a ardú i gcás inar cuí sin.
- Cuirfimid an tAcht Luachála i bhfeidhm, ar Acht é atá ceaptha chun dlús a chur leis an bpróiseas mall athluachála agus déanfaimid dlúthfhaireachán ar éifeachtacht agus tabharfaimid isteach bearta eile mura mbíonn feabhsú dóthanach ann.
- Rachaimid i ngleic le costas ardaitheach éileamh trí grúpa saineolaithe a bhunú chun tuarascáil a chur ar fáil laistigh de 6 mhí faoi na roghanna atá ann maidir le hathchóiriú dhlí na dtortanna agus an phróisis reatha i gcomhair éileamh, go háirithe i gcásanna a bhaineann le díobhálacha le linn breithe agus le díobhálacha tubaisteacha, agus le díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar vacsaíniú.

# Córas Inimirce agus Cosanta atá Cóir agus Cothromaithe

- I gcomhar leis an gCoiste Oireachtais iomchuí, tabharfaimid isteach Bille cuimsitheach maidir le hAthchóiriú Inimirce agus Cónaí, agus é mar aidhm aige córais víosa agus cónaí na hÉireann a nuachóiriú.
- Gníomhóimid ar bhealach níos déine i gcásanna ina ndéantar drochúsáid ar ár gcóras imirce trína chinntiú go ndéantar na forálacha nua forfheidhmiúcháin agus ionnarbtha atá ann san Acht um Chosaint Idirnáisiúnta a achtaíodh le déanaí a chur i bhfeidhm.
- Táimid tiomanta i leith tacú le freagairt dhaonnúil ar ghéarchéim reatha na ndídeanaithe agus i leith tearmann a chur ar fáil dóibh siúd a thagann go hÉirinn faoi chláir de chuid an AE.
- Tairgfimid tearmann do dhídeanaithe faoi chláir athlonnaithe agus athshuite de chuid an AE agus na Náisiún Aontaithe agus, ag an am céanna, déanfaimid lánpháirtiú dídeanaithe isteach inár gcuid pobal a chur chun cinn.
- Admhaítear go n-imríonn tréimhsí fada i soláthar díreach tionchar diúltach ar shaol an teaghlaigh. Dá bhrí sin, táimid tiomanta i leith athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras Soláthair Dhírigh, agus béim ar leith á leagan ar theaghlaigh agus ar leanaí.
- Agus Rialacháin ón AE á gcur i bhfeidhm againn, cinnteoimid cur chuige dian agus éifeachtach maidir le diúltú go tapa d’iarratais bhréagacha agus baint amach as an Stát a éascú. Méadóimid an comhar leis an Ríocht Aontaithe chun déileáil níos diongbháilte leis an líon méadaitheach cuardaitheoirí bréagacha tearmainn a bhfuil iarratas á ndéanamh acu ar stádas tearmainn neamhthuillte in Éirinn ós rud é amháin go bhfuil a víosa don Ríocht Aontaithe imithe in éag.

# Aguisín 2
## Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí atá faoi chúram na Roinne

Oibreoimid i gcomhpháirtíocht leis na Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí go léir atá faoi chúram na Roinne – tá liosta cuimsitheach ina bhfuil na Boird/Binsí go léir atá faoi chúram na Roinne, mar aon lena bhfeidhmeanna, le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Garda Síochána | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | An tÚdarás Póilíneachta |
| An tÚdarás Rialála Carthanas | Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | An tÚdarás Slándála Príobháidí |
| An tSeirbhís Chúirteanna | Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | An tSeirbhís Phromhaidh |
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | Oifig an Chigire Príosún | An tÚdarás Clárúcháin Maoine |
| An Binse Cúitimh i Leith Díobhálacha Coiriúla | Seirbhís Phríosúin na hÉireann | Oifig an Phaiteolaí Stáit | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine |
| Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta |
| Cigireacht an Gharda Síochána | Dlí Údarás Rialála Seirbhísí | An Bord Parúil | An Oifig Luachála |

**An Roinn Dlí and Cirt agus Comhionannais**

51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
D02 HK52

**Fón:** +353 1 602 8202
**Íosghlao:** 1890 221 227
**Facs:** + 353 1 661 5461

**Suíomh Gréasáin:** www.justice.ie
**Ríomhphost:** info@justice.ie